



**Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí ar na gráid  
Cléireachais/Riaracháin uile  
(Léigh é go cúramach le do thoil, sula líonann tú isteach  
iarratas)**

Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Foirne Cúnta, Oifigeach Foirne,  
Comórtais Oifigeach Foirne Sinsearaí & Oifigeach Riaracháin  
Cuirtear Dátaí Deiridh in iúl le haghaidh gach comórtas go breá  
soiléir

Comhairle Contae Fhine Gall

Halla an Chontae, An tSráid Mhór, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath. K67 X8Y2 | Láithreán:  
[www.fingal.ie](http://www.fingal.ie)

Ríomhphost: [careers@fingal.ie](mailto:careers@fingal.ie)

## CLÁR ÁBHAR

Eolas Ginearálta.....	3
An Comhthéacs .....	3
An Ról .....	4
Tagairtí & Cálíochtaí Oideachais .....	4
Uaireanta oibre .....	4
Saoire Bhreiteachta .....	4
Saoire Bhliantúil .....	4
Dáta tosaigh.....	5
Grinnfhiosrúchán .....	5
Gearrliostú.....	5
Painéil.....	6
Creat Inniúlachta na nÚdarás Áitiúil.....	7
Creat Oibriúcháin Foirne (Oifigeach Cléireachais & Oifigeach Foirne Cúnta) .....	7
Creat Bhainisteoirí an Líne Tosaigh (Oifigeach Foirne) .....	8
Creat na Meánbhainisteoirí (Oifigeach Foirne Sinsearach & Oifigeach Riaracháin) .....	9
Agallamh .....	10
Tar éis an Agallaimh.....	10
Tairiscint a Ghlacadh .....	10
Próiseas Achomhairc.....	11

## EOLAS GINEARÁLTA

Is Údarás Áitiúil í Comhairle Contae Fhine Gall a fheastalaíonn ar an gcuid ó thuaidh de limistéar cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá oifigí ag an gComhairle i Sord agus i mBaile Bhlainséir, agus feastalaíonn sí 300,000 duine atá lonnaithe i bpobail tuaithe, cósta, uirbeacha agus bruachbhailte laistigh de limistéar geografach 448 km cr.

Mar cheann de na fostóirí áitiúla móra sa chontae, agus breis is 1,500 ball foirne fostaithe againn faoi láthair, soláthraíonn an Chomhairle raon seirbhísí dár saoránaigh - saoráidí pobail & fóillíochta, an tithíocht, seirbhísí pleanála, seirbhísí comhshaoil, an chothabháil, uisce, bealaí iompair, agus tacaíocht ghnó, gan ach cúpla díobh a lua.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta go hiomlán seirbhísí a sholáthar do phobail ar an mbealach is fearr agus is éifeachtaí is féidir d'fhonn a bheith mar 'an áit is fearr in Éirinn chun cónaí nó obair ann, chun cuairt a thabhairt air agus chun gnó a dhéanamh ann.

Is é Fine Gall an tríú limistéar Údaráis Áitiúil is mó daonra in Éirinn agus, le méadú i líon an daonra de 77% idir 1996 agus 2011 is é an daonra is mó fáis, is mó éagsúlachta agus is óige sa tír freisin.

I measc na mbuntáistí eacnamaíocha suntasacha atá ag Fine Gall, áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath, an rochtain thapa ar Chalafort Bhaile Átha Cliath, agus an bonneagar iarnróid, bóithre, cumhachta agus teileachumarsáide. Mar gheall ar go bhfuil sé cóngarach do lár chathair Bhaile Átha Cliath agus sinn ar chonair eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste is féidir ár bhfás leanúnach todhchaíoch a chinntiú. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath suntasach ar bhonn náisiúnta mar gheall ar an méid post atá i gceist leis, chomh maith leis an méid tráchta paisinéirí agus seirbhísí aerloingseoireachta a théann tríd agus is é an príomh-mhol eacnamaíochta i bhFine Gall i gcónaí.

Is í éagsúlacht an cheantair an comhartha sóirt is treise atá aige chomh maith leis na patrúin tírdhreacha agus lonnaíochta atá ann, agus láithreacha tuaithe, uirbeacha agus bruachbhailteacha araon le fáil san aon chontae amháin. Tá cósta Fhine Gall 88 km ar fad, idir Cill Fhionntain agus Baile Brigín agus tá trí inbhear faoi chosaint ann, riasc goirt agus trí cinn déag de thránna móra ann.

Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir ag Fine Gall agus tá cuid de phríomhshócmhainní an chontae forbartha mar níthe is díol spéise do chuirteoirí lena n-áirítear Caisleán Ard Gilláin, Teach an Droichid Nua, Caisleán & Gairdíní Mhullach Íde agus Muilte na Sceirí. Tá pleananna móra sa bhreis ag Comhairle Contae Fhine Gall chun an oidhreacht, na healaíona agus an cultúr a fhorbairt sa chontae. Tá rannpháirtíocht an phobail trí chumainn chónaitheoirí, grúpaí bailte slachtmhara agus grúpaí pobail mar chuid luachmhar d'fhorbairt na bpobal inbhuanaithe i bhFine Gall.

## AN COMHTHÉACS

Tá próiseas athchóirithe an-suntasach déanta ar an Rialtas Áitiúil de réir na moltaí atá déanta in "Putting People First". Tá raon leathan gníomhaíochtaí leagtha amach sa chlár chun an t-athchóiriú a chur i gcrích d'fhonn an éifeachtúlacht an chuntasacht agus an fheidhmíocht a fheabhsú ar fud na hearnála. Leis an Acht Rialtais Áitiúil 2014, déantar an bunús reachtach a fhoráil chun éifeacht a thabhairt do go leor de na bearta athchóirithe atá leagtha amach sa Chlár Gníomhaíochta.

Leis an Acht sin, in éineacht leis an gClár Gníomhaíocht, foráiltear an comhthéacs beartais ina mbeidh an té a cheapfar ag obair.

## AN RÓL

Fógrófar sonraí faoi gach aon phost, na cáilíochtaí íosta atá ag teastáil uathu san áireamh, in éineacht leis an bhfoirm Iarratais ar láithreán gréasáin na Comhairle [www.fingal.ie](http://www.fingal.ie) agus moltar d'iarrthóirí an fhaisnéis sin a léamh go cúramach sula gcomhlánann siad an fhoirm iarratais ar líne.

**Caithfidh gach iarrthóir, ar an dáta deireadh a nglacfar le foirmeacha iarratais críochnaithe a bheith faighte aige nó aici cáilíochtaí agus critéir ábhartha uile an phoist a bhfuil siad ag déanamh iarratais air.**

## TAGAIRTÍ & CÁILÍOCHTAÍ OIDEACHAIS

Ceanglaítear ar iarratasóirí ainmneacha beirt daoine atá freagrach ach nach bhfuil gaol acu leo a lua. Ba chóir gur fhostóir reatha nó iar-fhostóir duine amháin ar a laghad de na moltóirí.

Sula ndéantar aon phost a thairiscint, forchoimeádann Comhairle Contae Fhine Gall an ceart tagairtí i scríbhinn a lorg ó fhostóirí reatha agus ó iarfhostaithe araon. Éileoidh an Chomhairle cruthúnas freisin ar gach cáilíocht oideachais nó ar aon eagraíocht/eagraíochtaí eile a raibh/a bhfuil baint ag an iarrthóir leo. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun oiriúnacht moltaí agus moltóirí dá leithéid a chinneadh.

## UAIREANTA OIBRE

Is ionann na huaireanta oibre agus seachtain oibre 5 lá, 37 uair an chloig, faoi láthair. Féadfar leas a bhaint as córas solúbtha uaireanta oibre faoi réir théarmaí agus choinníollacha an Bheartais Solúbtha.

## SAOIRE BHREOITEACHTA

Tá feidhm ag coinníollacha Scéim Pá Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Braitheann an teidlíocht leis an tsaoire bhliantúil ar an bpost ar leith agus is féidir leis a bheith idir 27 agus 30 lá in aghaidh na bliana. Tosaíonn bliain saoire Chomhairle Contae Fhine Gall an 1 Eanáir agus tagann sí chun deiridh an 31 Nollaig. Beidh deonú saoire bhliantúla, íocaíocht ar shaoire bhliantúil agus socruithe le haghaidh laethanta saoire poiblí ag teacht faoi rialú ag forálacha an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1977 (arna leasú).

## DÁTA TOSAIGH

Tosóidh an té a cheapfar an dáta a treoraíonn lucht bhainistíocht AD dó. Má theipeann air nó uirthi dul i mbun an cheapacháin nuair a iarrtar air, forchoimeádan an chomhairle a ceart gan é/í a cheapadh.

## GRINNFHIOSRÚCHÁN

Teastaíonn grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána le haghaidh ról áirithe i gComhairle Contae Fhine Gall. Má theipeann ort foirm ghrinnfhiosrúcháin Garda a líonadh amach, má iarrtar ort amhlaidh a dhéanamh, d'fhéadfar tú a chosc gan obair le Comhairle Contae Fhine Gall. Sa chás go bhfaightear dearbhú míshásúil ón nGarda, forchoimeádan Comhairle Contae Fhine Gall an ceart gan post a thairiscint duit.

Sa chás go n-athraíonn fostaí a ról mar thoradh ar ardú céime nó ar shlí eile go ról a éilítear Grinnfhiosrú an Gharda Síochána leis, agus go bhfaigheann freagra míshásúil, forchoimeádan Comhairle Contae Fhine Gall an ceart ardú céime a choinneáil siar, agus imscrúdú a dhéanamh freisin an bhfuil tuilleadh smachtbhannaí/araíonachta ag teastáil mar gheall ar an nochtadh sin, ar bhonn cás ar chás.

## GEARRLIOSTÚ

Nuair atá na hiarratais go léir isteach, féadfar na hiarratasóirí poist a chur ar an ngearrliosta le haghaidh measúnaithe bunaithe ar a mhéid a gcomhlíonann siad na critéir ón gcur síos ar an bpost agus / nó sa chás nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach uile iarratasóir. Féadfar glacadh le triail mhianaigh i gcúinsí áirithe chun an próiseas gearrliostaithe a éascú.

Más gá, déanfar an tástáil trí sholáthraí 3ú páirtí agus **meastar gur ionann iarratas a chur isteach ar phost agus toiliú a thabhairt chun d'fhaisnéis a roinnt chun críocha gearrliostaithe agus earcaíochta**. Soláthrófar d'fhaisnéis chun críche iarrthóirí oiriúnacha a chur ar ghearrliosta agus chun na críocha sin amháin. Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall cinnte de go gcomhlíonann gach aon tríú páirtí go hiomlán leis an GDPR agus leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Is ar mhaithe le do leas féin atá sé cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar na cáilíochtaí agus ar an tsaintaithí ábhartha atá agat ar an fhoirm iarratais. agus chun dóthain fianaise ar na hinniúlachtaí atá riachtanach don phost seo, faoi gach ceannteideal inniúlachta atá mionsonraithe thíos, a thaispeáint chomh maith.

**Ní chuirtear le fios leis an gearrliostú nach bhfuil an t-iarrthóir oiriúnach nó cumasach chun cúraim an phoist a ghlacadh, ar a mhalairt, is éard atá i gceist ná go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an cuma orthu go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithe ábhartha acu bunaithe ar a n-iarratas.** Féadfar gurbh é atá i gceist leis an bpróiseas gearrliostaithe ná Gearrliosta Deisce, nó Tástáil Inniúlachtaí agus / nó Réamh-Agallamh, nó teaghlaim díobh sin go léir.

## PAINÉIL

Is ar an mbonn seo a leanas a dhéantar gach uile fholúntas ar leith le haghaidh post mar Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Foirne Cúnta, Oifigeach Foirne, Oifigeach Sinsearach Foirne & Oifigeach Riaracháin

- A. 50% teoranta d'fhostaithe na hearnála Rialtais Áitiúil,
- B. 30% oscailte, agus
- C. 20% teoranta d'fhostaithe Chomhairle Contae Fhine Gall

Reáchtálfar comórtas earcaíochta chun trí Phainéal a chruthú. Tá baill foirne atá ann cheana féin agus atá fostaithe ag údarás áitiúil nó ag tionól réigiúnach, agus a chomhlíonann critéir an phoist, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar na trí aicme go léir.

### **Painéal A:** Teoranta d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil

Is éard a bheidh i gceist leis seo ná iarratasóirí atá ag obair faoi láthair in Earnáil na nÚdarás Áitiúil nó sa Tionól Réigiúnach agus ar éirigh leo, rangaithe de réir ord fiúntais.

### **Painéal B:** Oscailte

Is éard a bheidh i gceist leis seo ná na hiarratasóirí go léir, de réir an oird fiúntais, agus féadfar go n-áireofar ann iarrthóirí atá ag obair faoi láthair in earnáil na nÚdarás áitiúil nó sa tionól réigiúnach, chomh maith le hiarratasóirí seachtracha.

### **Painéal C:** teoranta d'fhostaithe reatha Chomhairle Contae Fhine Gall

Is éard a bheidh i gceist leis seo ná iarratasóirí atá ag obair faoi láthair i gComhairle Contae Fhine Gall agus ar éirigh leo, rangaithe de réir ord fiúntais.

Is féidir folúntais a thagann chun cinn le linn shaolré na bPainéal seo a líonadh ón bPainéal cuí san ord seicheamhach seo a leanas:

1	Teoranta do Chomhairle Contae Fhine Gall	Painéal C
2	Teoranta d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil	Painéal A
3	Oscailte	Painéal B
4	Teoranta do Chomhairle Contae Fhine Gall	Painéal C
5	Teoranta d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil	Painéal A
6	Oscailte	Painéal B
7	Oscailte	Painéal B
8	Teoranta d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil	Painéal A
9	Teoranta d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil	Painéal A
10	Teoranta d'Earnáil na nÚdarás Áitiúil	Painéal A

## CREAT INNIÚLACHTA NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Fógrófar sonraí faoi gach aon phost in éineacht leis an bhfoirm iarratais agus moltar d'iarrthóirí an fhaisnéis sin a léamh sula gcomhlánann siad an fhoirm iarratais ar líne.

## CREAT OIBRIÚCHÁIN FOIRNE (OIFIGEACH CLÉIREACHAIS & OIFIGEACH FOIRNE CÚNTA)

<i>Crann Taca a hAon</i>			<i>Crann Taca a Dó</i>		<i>Crann Taca a Trí</i>		<i>Crann Taca a Ceathair</i>
<i>Cuspóir agus an tAthrú</i>			<i>Torthaí a Bhaint Amach</i>		<i>An Fheidhmíocht Phearsanta</i>		<i>Éifeachtacht Phearsanta &amp; Eolas ar an nGnó</i>
1.1	Eolas a Bheith Agat ar Chuspóir na Rannóige agus a Tosaíochtaí	2.1	Fadhbanna a Shainnithint agus a Chur Lena Réitigh	3.1	Treoir a Ghlacadh	4.1	Scileanna, Taithí agus Eolas
1.2	Tuiscint ar Ról na Comhairle Tofa	2.2	Comhoibriú le Cinntí agus Réitigh a Chur i bhFeidhm	3.2	Rannpháirtíocht Dhearfach a Thabhairt	4.2	An Mianach agus an Fholláine Phearsanta
1.3	An Cód Iompair a Thuiscint agus Cloí Leis le haghaidh na bhfostaithe uile	2.3	Ag tabhairt aire d'Acmhainní agus do Thhrealamh na Comhairle	3.3	Ag Obair i gComhar a Chéile chun an Choimhlint a Laghdú	4.3	Ionracas
1.4	Dea-cháil na Comhairle a Choimeád	2.4	Rialacha uile na Comhairle a Chomhlíonadh	3.4	An Chumarsáid Éifeachtach	4.4	Spreagadh Pearsanta agus an Treallús
1.5	Ag Comhoibriú Leis an Athrú	2.5	Obair agus Seirbhísí Ar Ardchaighdeán a Sholáthar				
1.6	Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair						

CREAT BHAINISTEoirí AN LíNE TOSAIGH (OIFIGEACH FOIRNE)

<i>Crann Taca a hAon</i>			<i>Crann Taca a Dó</i>		<i>Crann Taca a Trí</i>		<i>Crann Taca a Ceathair</i>
<i>Cuspóir agus an tAthrú a Thuiscint</i>			<i>Torthaí a Bhaint Amach</i>		<i>An Fheidhmíocht as Scothfhostaithe.</i>		<i>Éifeachtacht Phearsanta &amp; Eolas ar an nGnó</i>
1.1	Eolas a Bheith Agat ar Chuspóir na Comhairle agus a Tosaíochtaí	2.1	Fadhbanna a Shainaithint agus a Chur Lena Réitigh	3.1	An Cheannaireacht agus Daoine a Threorú	4.1	Cáilíochtaí agus Saineolas
1.2	Tuiscint ar Ról na Comhairle Tofa agus ar Ról na gComhaltaí Tofa	2.2	Cláir Oibre a Eagrú agus Réitigh a Chur i bhFeidhm	3.2	An Bhainistíocht Feidhmíochta	4.2	An Mianach agus an Fholláine Phearsanta
1.3	An Cód Iompair a Thuiscint agus Cloí Leis le haghaidh na bhfostaithe uile	2.3	Acmhainní a Bhainistiú, an Trealamh san Áireamh	3.3	An Choimhlint a Bhainistiú	4.3	Ionracas
1.4	Dea-cháil na Comhairle a Choimeád	2.4	Rialacha uile na Comhairle a Chomhlíonadh	3.4	An Chumarsáid Éifeachtach	4.4	Spreagadh Pearsanta agus an Treallús
1.5	An tAthrú a Chur i bhFeidhm	2.5	Obair agus Seirbhísí Ar Ardchaighdeán a Sholáthar				
1.6	Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair						



CREAT NA MEÁNBHAINISTEIRÍ (OIFIGEACH FOIRNE SINSEARACH & OIFIGEACH RIARACHÁIN)

<i>Crann Taca a hAon</i>			<i>Crann Taca a Dó</i>		<i>Crann Taca a Trí</i>		<i>Crann Taca a Ceathair</i>
<i>An Bhainistíocht agus an tAthrú</i>			<i>Torthaí a Bhaint Amach</i>		<i>An Fheidhmíocht as Scothfhostaithe.</i>		<i>Éifeachtacht Phearsanta &amp; Eolas ar an nGnó</i>
1.1	Misean agus Fís	2.1	An Fhadhbhréiteach agus an Chinnteoireacht	3.1	An Cheannaireacht agus Daoine a Spreagadh	4.1	Cáilíochtaí agus Saineolas
1.2	Cumas Straitéiseach	2.2	An Phleanáil Oibriúcháin	3.2	An Fheidhmíocht a Bhainistiú	4.2	An Mianach agus an Fholláine Phearsanta
1.3	An Fheasacht Pholaitiúil	2.3	Acmhainní a Bhainistiú	3.3	An Choimhlint a Bhainistiú	4.3	Ionracas
1.4	Caighdeáin, Eitic agus an Rialachas	2.4	An Comhlíonadh a Chinntiú	3.4	An Chumarsáid Éifeachtach	4.4	An Féinspreagadh, an Treallús agus Torthaí
1.5	An Líonrú agus an Ionadaíocht	2.5	Torthaí Ard-Chaighdeáin a Bhaint Amach				
1.6	An tAthrú a Chur i gCrích						
1.7	Tionchar a Imirt agus an Idirbheartaíocht						
1.8	Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair						

## AGALLAMH

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí agallamh a dhéanamh trí r-phost, tá sé tábhachtach go bhfuil an seoladh ríomhphoist agus an uimhir fón póca a sholáthraítear san fhoirm iarratais ceart. Féadfar dátaí agus amanna an agallaimh a bheith athraithe ar ghearrfhógra.

Nuair is féidir, cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas faoi Chomhaltaí an Bhoird Agallaimh roimh ré, ach is féidir comhaltaí an bhoird athrú freisin.

**NB - Féadfar go mbeidh sé riachtanach agallaimh físeáin ar líne a dhéanamh ar MS Teams agus ní mór d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil rochtain acu ar an trealamh teicneolaíochta oiriúnach chun an próiseas seo a éascú. Is féidir formáid an agallaimh athrú suas go dtí dáta an agallaimh, agus an dáta sin san áireamh.**

Sa chás nach gcuireann iarrthóirí i láthair nó nach gcuireann siad iad féin ar fáil ag an am agus an dáta a iarrtar, cuirfear deireadh leis an gcomórtas.

Ceanglófar ar iarrthóirí aon chostais a thabhoíd siad chun freastal ar an agallamh a íoc dóibh féin.

**Déanfar an iarrthóir a dhícháiliú ón bpróiseas earcaíochta má dhéanann sé nó sí canbhasáil de chineál ar bith, go huathoibríoch.**

## TAR ÉIS AN AGALLAIMH

Foilseoidh Comhairle Contae Fhine Gall na hiarrthóirí a cheapfar ar ár suíomh gréasáin (ag baint úsáide as uimhir thagartha an iarrthóra) agus mairfidh na painéil ar feadh thréimhse 12 mhí.

Coinneofar na cáipéisí go léir a ghabhann leis an gcomórtas seo i gcomhad ar feadh tréimhse 12 mhí tar éis don phainéal a chuirfí le chéile dul in éag.

## TAIRISCINT A GHLACADH

Ceanglóidh an t-údarás áitiúil ar dhaoine a dtairgtear an ceapachán dóibh glacadh le tairiscint a dhearbhu laistigh de choicís agus dul i mbun an cheapacháin sin laistigh de thréimhse nach faide ná 4 sheachtain ón lá ar a nglacann siad leis an tairiscint. Má theipeann orthu dul i mbun an cheapacháin laistigh den chreat ama sin measfar go bhfuil an t-iarrthóir tar éis an tairiscint a dhiúltú.

## PRÓISEAS ACHOMHAIRC

Más mian le hiarrthóir achomharc a dhéanamh ar chinneadh gearrliostaithe nó ar chinneadh bhord agallaimh, caithfidh sé é sin a dhéanamh laistigh de **thrí lá oibre** tar éis dó fógra a fháil faoin gcinneadh sin.

Caithfidh an t-achomharc forais an achomhairc a lua go soiléir nach mór a sheoladh chuig an Oifigeach Achomhairc [careers@fingal.ie](mailto:careers@fingal.ie). Déanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna forais an achomhairc a mheas laistigh de 2 lá oibre tar é a bheith faighte. Sa chás nach seasfar le forais an achomhairc, cuirfidh an Bhainisteoireacht AD an toradh sin in iúl don iarrthóir i scríbhinn agus ní dhéanfar aon ghníomh breise.

Má sheasfar leis na forais ar a ndéantar an t-achomharc, cuirfidh an Rannóg AD an toradh sin in iúl don iarrthóir agus déanfar beart ceartaitheach. Is cinneadh críochnaitheach an cinneadh a dhéanann an Rannóg AD i dtaca leis an achomharc.